# Príomhphointí Faisnéise faoi Droichead

1 Is éard atá i *Droichead* **creat comhtháite ionduchtaithe** atá bunaithe ar chur chuige sa scoil uile i dtaobh tacú le **foghlaim ghairmiúil** múinteoirí nuacháilithe.

2 Bhí **tionchar ag scoileanna** a ghlac páirt sa chéim phíolótach, ag aiseolas a fuarthas ar bhonn leanúnach ón g**Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí**, agus ag torthaí thaighde na h**Institiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta** ar an mbeartas sin.

3 Mar aitheantas gur múinteoirí **nuacháilithe** iad, le próiseas *Droichead* tacaítear le foghlaim ghairmiúil múinteoirí le linn **chéim ionduchtaithe** a ngairme, agus béim á leagan **ar dhul chun cinn, ní ar fhoirfeacht**.

4 Le próiseas *Droichead*, cuimsítear **ionduchtú scoilbhunaithe** (agus an cleachtas athmhachnaimh, meantóireacht agus comhráite gairmiúla mar bhonn taca leis) agus **gníomhaíochtaí breise foghlama gairmiúla** (cnuaschruinniú/cnuaschruinnithe agus gníomhaíocht amháin eile).

5 Tá **an Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) comhdhéanta de chomhghleacaithe a bhfuil taithí acu** a bhfuil clár foghlama gairmiúla curtha i gcrích acu leis an gClár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí, lena n-áirítear an fhorbairt scileanna meantóireachta.

6 Mar cheannaire foghlama sa scoil, déanann **an príomhoide**, cé nach gá go mbíonn baint acu le próiseas *Droichead*, cultúr foghlama a chothú inar féidir le *Droichead* bláthú, agus tacaíonn siad le FTG próiseas ionduchtaithe ardchaighdeáin a éascú.

7 Tá caighdeáin *Droichead* i bhfeidhm chun **an próiseas a threorú** don Mhúinteoir Nuacháilithe (MNC) agus do chomhaltaí na Foirne Tacaíochta Gairmiúla (FTG) maidir lena bhfoghlaim agus cleachtas gairmiúil. Féachtar orthu sin mar chuid den chlár foghlama gairmiúil leis an gClár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí.

8 Cé go mbeidh *Droichead* ar siúl **de ghnáth i gcúinsí príomhshrutha**, leathnaíodh an raon cúinsí incháilithe chun **cúinsí RSO** a chumhdach.

9 Teastaíonn bloc 60 lá ar a laghad sa bhunscoil agus bloc 200 uair an chloig ar a laghad sa mheánscoil i gcúinsí incháilithe chun próiseas *Droichead* a chur i gcrích. Níl aon cheanglas seirbhíse breise.

10 Soláthraítear **tráth scaoilte trí lá a bhfuil clúdach ionadaíochta ag gabháil leis** le haghaidh na foghlama gairmiúla do gach bhall de FTG.

Soláthraítear **tráth scaoilte ceithre lá/ 22 uair an chloig a bhfuil clúdach ionadaíochta ag gabháil leis** ar a laghad le haghaidh an ionduchtaithe scoilbhunaithe agus tá tráth scaoilte breise ar fáil de réir an lín MNCanna.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Amlínte maidir le Céim Fáis *Droichead*

Ó 2020/2021 i leith is é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtaithe do gach MNC

Tá an sceideal don chéim fáis maidir le *Droichead* ón mbliain 2016 go 2021 leagtha amach thíos:

<table>
<tr><th>BUNSCOILEANNA</th><th colspan="2">SCEIDEAL DON CHÉIM FÁIS</th></tr>
<tr><td>2016/2017</td><td>Droichead ina bhealach ionduchtaithe do MNCanna i gcúinsí Múinteora Oideachais Speisialta (MOS)</td><td rowspan="5">Is féidir le scoileanna in aon chatagóir roghnú páirt a ghlacadh sa phróiseas Droichead in aon cheann de na blianta sin, más mian leo é sin a dhéanamh roimh na dátaí atá leagtha amach thall.</td></tr>
<tr><td>2017/2018</td><td>Droichead ina bhealach ionduchtaithe do MNCanna i gcúinsí MOS nó i mbunscoileanna móra ina bhfuil príomhoide agus 24 mhúinteoir príomhshrutha nó níos mó</td></tr>
<tr><td>2018/2019</td><td>Droichead ina bhealach ionduchtaithe do MNCanna i gcúinsí MOS agus i mbunscoileanna móra ina bhfuil 16 mhúinteoir príomhshrutha nó níos mó iontu</td></tr>
<tr><td>2019/2020</td><td>Droichead ina bhealach ionduchtaithe do MNCanna i gcúinsí MOS agus i ngach bunscoil ina bhfuil príomhoide riaracháin</td></tr>
<tr><td>2020/2021</td><td>Droichead ina bhealach ionduchtaithe do gach MNC bunscoile</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th>IAR-BHUNSCOILEANNA</th><th colspan="2">SCEIDEAL DON CHÉIM FÁIS</th></tr>
<tr><td>2016/2017</td><td>Droichead ina bhealach ionduchtaithe do MNCanna i gcúinsí MOS</td><td rowspan="5">Is féidir le scoileanna in aon chatagóir roghnú páirt a ghlacadh sa phróiseas Droichead in aon cheann de na blianta sin, más mian leo é sin a dhéanamh roimh na dátaí atá leagtha amach thall.</td></tr>
<tr><td>2017/2018</td><td>Droichead ina bhealach ionduchtaithe do MNCanna i gcúinsí MOS nó in iar-bhunscoileanna móra ina bhfuil 700 dalta nó níos mó</td></tr>
<tr><td>2018/2019</td><td>Droichead ina bhealach ionduchtaithe do MNCanna i gcúinsí MOS agus in iar-bhunscoileanna móra ina bhfuil 400 dalta nó níos mó</td></tr>
<tr><td>2019/2020</td><td>Droichead ina bhealach ionduchtaithe do MNCanna i gcúinsí MOS agus in iar-bhunscoileanna ina bhfuil 200 dalta nó níos mó</td></tr>
<tr><td>2020/2021</td><td>Droichead ina bhealach ionduchtaithe do gach MNC iar-bhunscoile</td></tr>
</table>

# *Droichead*: Treoir Mhear (Bunscoil agus Iar-Bhunscoil)

Ó Mheán Fómhair 2020, is é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtaithe a bheidh ann do gach MNC bunscoile agus iar-bhunscoile.

# *Droichead*: Treoir Mhear

## Bunscoil

**Ó mhí Mheán Fómhair 2020 i leith is é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtaithe do gach MNC bunscoile.**

| ***DROICHEAD*: AN CREAT COMHTHÁITE IONDUCHTAITHE GAIRMIÚIL** |
|---|
| Conradh/tairiscint fostaíochta de 60 lá ar a laghad i ndiaidh a chéile i gcúinsí incháilithe |
| **Conas Cur Isteach ar Phróiseas *Droichead* agus é a Chur i gCrích** |
| 1) Cuir iarratas isteach trí thairseach na Comhairle Múinteoireachta ag **www.teachingcouncil.ie**. Roghnaigh *“Logáil isteach / Mo Chlárú”*, ansin “Mo Choinníollacha” agus ansin cliceáil ar an rogha “Féach ar Shonraí” ar do choinníoll *Droichead* |
| 2) Glac páirt i bpróiseas *Droichead*:<br>**Snáithe A:** Ionduchtú Scoilbhunaithe<br>- Le tacaíocht ón bhFoireann Tacaíochta Ghairmiúil (FTG)<br>**AGUS**<br>**Snáithe B:** Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise<br>- Freastail ar Chnuaschruinniú MNC amháin in aghaidh an téarma (féach Nóta 8 thíos)<br>- Tabhair faoi Ghníomhaíocht Foghlama Gairmiúla amháin eile ar a laghad a roghnaítear i gcomhairle le FTG |
| 3) Comhlánaigh an Fhoirm D ar líne de chuid *Droichead* ar thairseach na Comhairle Múinteoireachta chun an próiseas a thabhairt chun críche. Roghnaigh *“Logáil isteach / Mo Chlárú”*, ansin “Mo Choinníollacha” agus ansin cliceáil ar an rogha “Féach ar Shonraí” ar do choinníoll *Droichead*. Cliceáil ar an rogha chun d’Fhoirm D de chuid *Droichead* a chomhlánú |

### Pointí le Tabhairt Faoi Deara

1. Sula ndéanann tú iarratas ar *Droichead* ní mór duit;
   i) a dhearbhú go bhfuil tú i gcúinsí incháilithe agus go gcomhlíonann tú an íostréimhse le haghaidh an phróisis.
   ii) a dhearbhú go bhfuil do scoil sásta an bealach a réiteach duit tríd an bpróiseas trí Fhoireann Tacaíochta Ghairmiúil (FTG) a shannadh duit a n-oibreoidh i gcomhar leat d’fhonn tacú leat agus meantóireacht a dhéanamh ort le linn do phróiseas ionduchtúcháin.
   iii) Alt 2 den doiciméad Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta a léamh agus a thuiscint ionas go mbeidh tú go hiomlán ar an eolas faoin bpróiseas *Droichead* agus faoin méid is gá duit a dhéanamh chun é a chur i gcrích. Tá an cháipéis sin le fáil faoi “Foilseacháin” ar **www.teachingcouncil.ie**
2. Maidir le d’Fhoireann Tacaíochta Ghairmiúil (FTG), ní mór go mbeadh ar a laghad beirt mhúinteoirí a chríochnaigh ar a laghad dhá lá oiliúna FTG sular féidir leo tús a chur leis an bpróiseas leat.
3. Ní féidir leat próiseas *Droichead* a chur i gcrích go dtí go mbeidh gach ceann de na ceithre lá atá san oiliúint FTG curtha i gcrích ag gach ball den FTG.
4. Má tá breis eolais uait faoi phostroinnt nó faoi chonarthaí páirtaimseartha, féach le do thoil ar Shocruithe Eatramhacha i dtaca le Coinníollacha maidir le Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle.
5. Tar éis duit iarratas a chur isteach ar *Droichead*, gheobhaidh tú ríomhphost agus admháil ann go bhfuarthas d’iarratas. Agus áit faighte agat ar phróiseas *Droichead*, gheobhaidh tú ríomhphost deimhnithe.
6. Beidh naisc chuig eolas agus cáipéisíocht thábhachtach faoi iamh sa ríomhphost. Tugann sé cead duit tabhairt faoin bpróiseas agus beidh do dháta tosaithe istigh ann freisin.
7. Ní féidir tabhairt faoi phróiseas *Droichead* go dtí go bhfaigheann tú an ríomhphost deimhnithe ón gComhairle Mhúinteoireachta.
8. Beidh cóip den ríomhphost deimhnithe de dhíth ó do FTG sular féidir leat tabhairt faoi phróiseas *Droichead*.
9. Beidh cóip den ríomhphost deimhnithe de dhíth chun freastal ar na Cnuaschruinnithe.

Is coinníoll maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta é *Droichead* a chuirtear i bhfeidhm ar MNCanna Bunscoile. Tá tuilleadh eolas maidir leis na coinníollacha sin le fáil i *Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta* agus in *Droichead: Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil do mhí an Mhárta 2017* atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag **www.teachingcouncil.ie**.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# *Droichead*: Treoir Mhear




## Iar-bhunscoil

**Ó mhí Mheán Fómhair 2020 i leith is é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtaithe do gach MNC iar-bhunscoile.**

| ***DROICHEAD*: AN CREAT COMHTHÁITE IONDUCHTAITHE GAIRMIÚIL** |
|---|
| Conradh/tairiscint fostaíochta de 200 uair an chloig ar a laghad i ndiaidh a chéile i gcúinsí incháilithe in aon iar-bhunscoil amháin |
| **Cuir iarratas isteach trí thairseach na Comhairle Múinteoireachta ag www.teachingcouncil.ie. Roghnaigh *“Logáil Isteach / Mo Chlárú”*, ansin “Mo Choinníollacha” agus ansin cliceáil ar an rogha “Féach ar Shonraí” ar do choinníoll *Droichead*** |
| 1) Cuir iarratas isteach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta tríd an logáil isteach *Mo Chlárú* ar shuíomh gréasáin na Comhairle **www.teachingcouncil.ie** |
| 2) Glac páirt i bpróiseas *Droichead*:<br>**Snáithe A:** Ionduchtú Scoilbhunaithe<br>- Le tacaíocht ón bhFoireann Tacaíochta Ghairmiúil (FTG)<br>**AGUS**<br>**Snáithe B:** Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise<br>- Freastail ar Chnuaschruinniú MNC amháin in aghaidh an téarma (féach Nóta 8 thíos)<br>- Tabhair faoi Ghníomhaíocht Foghlama Gairmiúla amháin eile ar a laghad a roghnaítear i gcomhairle le FTG |
| 3) Comhlánaigh an Fhoirm D ar líne de chuid *Droichead* ar thairseach na Comhairle Múinteoireachta chun an próiseas a thabhairt chun críche. Roghnaigh *“Logáil isteach / Mo Chlárú”*, ansin “Mo Choinníollacha”* agus ansin cliceáil ar an rogha “Féach ar Shonraí” ar do choinníoll *Droichead*. Cliceáil ar an rogha chun d’Fhoirm D de chuid *Droichead* a chomhlánú |

### Pointí le Tabhairt Faoi Deara

1. Sula ndéanann tú iarratas ar *Droichead* ní mór duit;
   i) a dhearbhú go bhfuil tú i gcúinsí incháilithe agus go gcomhlíonann tú an íostréimhse le haghaidh an phróisis.
   ii) a dhearbhú go bhfuil do scoil sásta an bealach a réiteach duit tríd an bpróiseas trí Fhoireann Tacaíochta Ghairmiúil (FTG) a shannadh duit a n-oibreoidh i gcomhar leat d’fhonn tacú leat agus meantóireacht a dhéanamh ort le linn do phróiseas ionduchtúcháin.
   iii) Alt 2 den doiciméad Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta a léamh agus a thuiscint ionas go mbeidh tú go hiomlán ar an eolas faoin bpróiseas *Droichead* agus faoin méid is gá duit a dhéanamh chun é a chur i gcrích. Tá an cháipéis sin le fáil faoi “Foilseacháin” ar **www.teachingcouncil.ie**
2. Maidir le d’Fhoireann Tacaíochta Ghairmiúil (FTG), ní mór go mbeadh ar a laghad beirt mhúinteoirí a chríochnaigh ar a laghad dhá lá oiliúna FTG sular féidir leo tús a chur leis an bpróiseas leat.
3. Ní féidir leat próiseas *Droichead* a chur i gcrích go dtí go mbeidh gach ceann de na ceithre lá atá san oiliúint FTG curtha i gcrích ag gach ball den FTG.
4. Tar éis duit iarratas a chur isteach ar *Droichead*, gheobhaidh tú ríomhphost agus admháil ann go bhfuarthas d’iarratas. Agus áit faighte agat ar phróiseas *Droichead*, gheobhaidh tú ríomhphost deimhnithe.
5. Beidh naisc chuig eolas agus cáipéisíocht thábhachtach faoi iamh sa ríomhphost. Tugann sé cead duit tabhairt faoin bpróiseas agus beidh do dháta tosaithe istigh ann freisin.
6. Ní féidir tabhairt faoi phróiseas *Droichead* go dtí go bhfaigheann tú an ríomhphost deimhnithe ón gComhairle Mhúinteoireachta.
7. Beidh cóip den ríomhphost deimhnithe de dhíth ó do FTG sular féidir leat tabhairt faoi phróiseas *Droichead*.
8. Beidh cóip den ríomhphost deimhnithe de dhíth chun freastal ar na Cnuaschruinnithe.

Is coinníoll maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta é *Droichead* a chuirtear i bhfeidhm ar MNCanna iar-bhunscoile. Tá tuilleadh eolas maidir leis na coinníollacha sin le fáil i *Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta* agus in *Droichead: Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil do mhí an Mhárta 2017* atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag www.teachingcouncil.ie.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Treoir Oidhreachta ar Choinníollacha um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta

Roimh an 1 Meitheamh 2020, ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta, bhí feidhm go hiondúil leis na coinníollacha cleachtais ghairmiúla iarcháilíochta maidir le MNCanna Bunscoile agus Iar-bhunscoile. Ní bhaineann an t-eolas seo a leanas le hábhar ach amháin i gcúinsí teoranta ina bhfuil múinteoirí a chláraigh roimh an 1 Meitheamh 2020 ag comhlíonadh a gcoinníollacha trí na Próisis Thraidisiúnta. Ba cheart an chuid seo a léamh i gcomhar leis na Socruithe Idirthréimhseacha maidir le Coinníollacha um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta atá ann faoi láthair.

## BUNSCOIL

| ***DROICHEAD:*** **An Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil** |
|---|
| 60 lá i ndiaidh a chéile ar a laghad |
| 1) Cuir iarratas isteach chuig an gComhairle trí logáil isteach ar '*Mo Chlárú*' ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta |
| 2) Glac páirt i bpróiseas *Droichead*:<br>**Snáithe A:** Ionduchtú Scoilbhunaithe<br>- Le tacaíocht ón bhFoireann Tacaíochta Ghairmiúil (FTG)<br>**AGUS**<br>**Snáithe B:** Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise<br>- Freastail ar Chnuaschruinniú MNC amháin in aghaidh an téarma<br>- Tabhair faoi Ghníomhaíocht Foghlama Gairmiúla amháin eile ar a laghad a roghnaítear i gcomhairle le FTG |
| 3) Cuir i gcrích trí Fhoirm D a chur isteach |

**NÓ**

| **PRÓISIS THRAIDISIÚNTA** | |
|---|---|
| **PROBHADH - NÍL SÉ AR FÁIL Ó MHÍ MHEÁN FÓMHAIR 2020** | **CEARDLANNA IONDUCHTAITHE** |
| 100 lá as a chéile ar a laghad (2 x 50 nó 1 x 100) | tinreamh 20 uair an chloig – roghanna solúbtha |
| 1) Cuir iarratas isteach chuig Ionad Oideachais Luimnigh agus Foirm OP1 á húsáid agat | 1) Cuir iarratas isteach chuig d'Ionad Oideachais áitiúil |
| 2) Tar éis toradh sásúil a fháil ón bhFoireann Cigireachta, faigh ráiteas inniúlachta ó Ionad Oideachais Luimnigh | 2) Cuir ceann acu seo a leanas i gcrích 10 gceardlann<br>Nó<br>6 uair an chloig meantóireachta agus 7 gceardlann |

## IAR-BHUNSCOIL

| ***DROICHEAD:*** **An Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil** |
|---|
| Conradh 200 uair an chloig ar a laghad in Iar-bhunscoil amháin |
| 1) Cuir iarratas isteach chuig an gComhairle trí logáil isteach ar '*Mo Chlárú*' ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta |
| 2) Glac páirt i bpróiseas *Droichead*:<br>**Snáithe A:** Ionduchtú Scoilbhunaithe<br>- Le tacaíocht ón bhFoireann Tacaíochta Ghairmiúil (FTG)<br>**AGUS**<br>**Snáithe B:** Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise<br>- Freastail ar Chnuaschruinniú MNC amháin in aghaidh an téarma<br>- Tabhair faoi Ghníomhaíocht Foghlama Gairmiúla amháin eile ar a laghad a roghnaítear i gcomhairle le FTG |
| 3) Cuir i gcrích trí Fhoirm D a chur isteach |

**NÓ**

| **PRÓISIS THRAIDISIÚNTA** | |
|---|---|
| **FOSTAÍOCHT IARCHÁILÍOCHTA – AR FÁIL i gCÚINSÍ TEORANTA AMHÁIN** | **CEARDLANNA IONDUCHTAITHE** |
| 300 uair an chloig ar a laghad ag múineadh in iar-bhunscoil amháin nó níos mó | tinreamh 20 uair an chloig – roghanna solúbtha |
| 1) Níl iarratas de dhíth | 1) Cuir iarratas isteach chuig d'Ionad Oideachais áitiúil |
| 2) Cuir 300 uair an chloig múinteoireachta i gcrích:<br>- 200 uair an chloig ar a laghad múinteoireachta ábhair curaclaim iar-bhunscoile<br>- Suas le 100 uair an chloig in MOS nó i ngníomhaíocht múinteoireachta sceidealaithe eile | 2) Cuir 10 gceardlann i gcrích<br>Nó<br>cuir 6 uair an chloig meantóireachta agus 7 gceardlann i gcrích |
| 3) Cuir i gcrích trí Fhoirm B(s) a chur isteach | 3) Críochnaigh – níl aon ghníomh de dhíth, rachaidh fógra go huathoibríoch chuig an gComhairle |